CEACHT 21

AG DUL GO DTÍ AN SIOPA



A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a bhaineann le cúrsaí siopadóireachta,
m.sh. milseáin, brioscaí, criospaí, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Ceannaigh milseáin sa siopa.
Ceannóidh mé.
Céard/Cad a rinne tú?
Cheannaigh mé milseáin sa siopa.

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tá Daidí agus Colm sa bhaile. Tá Colm ag léamh. Níl Daidí ag léamh. Níl páipéar aige.

Agallamh

Daidí: Rith go dtí an siopa agus faigh an páipéar dom.
Colm: Tabhair dom an t-airgead, más é do thoil é.
Daidí: Seo duit an t-airgead.
Colm: Slán agat.
Daidí: Déan deifir anois, a Choilm.

C. Cleachtadh

Cá bhfuil Daidí agus Colm?
An bhfuil Nuala sa bhaile?
Céard atá Colm a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh ag Colm?
An bhfuil Daidí ag léamh? Cén fáth nach bhfuil Daidí ag léamh?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Níl páipéar **aige/agam/agat/aici/ag Daidí.**
Faigh **páipéar** dom/**milseáin/criospaí/lón/leabhar,** etc.

D. Leathnú

Amhrán (An ceol ar théip)

I

Déan deifir anois, déan deifir anois,
An páipéar, an páipéar, déan deifir anois.

II

Cá mhéad atá air, cá mhéad atá air?
An páipéar, an páipéar, cá mhéad atá air?